AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.9.2017
SWD(2017) 317 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le Cearta agus Oibleagáidí Paisinéirí Iarnróid

(Athmhúnlú)

{COM(2017) 548 final}
{SWD(2017) 318 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair: athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid

A. An gá atá le beart

Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Is leis na nithe seo a leanas a bhaineann na fadhbanna is mó atá leis an Rialachán: an iomarca díolúintí náisiúnta, cearta paisinéirí faoi mhíchumas agus paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, faisnéis easnamhach, tréthicéadú, láimhseáil gearán, forfheidhmiú, idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht agus cúiteamh tar éis eachtraí *force majeure*. De thoradh na bhfadhbanna sin, déantar dochar don mhargadh aonair agus cuirtear bac ar fhorfheidhmiú comhsheasmhach an Rialacháin. D'fhéadfadh na fadhbanna sin éirí níos measa de dheasca léirscaoileadh mhargadh iarnróid an Aontais Eorpaigh.

Cad é ba cheart a bhaint amach?

1. cearta comhionanna d'úsáideoirí iarnróid a chur chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh agus na cearta sin a neartú; agus
2. iomaíochas na hearnála iarnróid a fheabhsú gan dochar a dhéanamh do chearta paisinéirí.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Fágann an Rialachán atá ann faoi láthair go bhféadtar tátail éagsúla a bhaint as, rud a chuireann cosc le leibhéil chomhsheasmhacha cosanta do phaisinéirí ar fud an Aontais. Ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus iad ag gníomhú astu féin. Ar an ábhar sin, dealraíonn sé gurb iomchuí don Aontas Eorpach gníomhú.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?

Díolúintí	– Deireadh a chur le díolúintí le haghaidh seirbhísí intíre fadachair faoi 2020 – Díolúintí a theorannú le haghaidh seirbhísí le tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad – Deireadh a chur le díolúintí le haghaidh seirbhísí uirbeacha, fo-uirbeacha agus réigiúnacha trasteorann
Cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe	Rialacha nua chun rochtain ar sheirbhísí iarnróid agus ar fhaisnéis a fheabhsú do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe
Faisnéis	Rialacha nua chun faisnéis do phaisinéirí a fheabhsú
Tréthicéadú	Faisnéis níos soiléire faoi thréthicéid
Gearáin a láimhseáil agus forfheidhmiú	Rialacha níos soiléire do na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe maidir le gearáin a láimhseáil agus maidir le comhoibriú
Idirdhealú	Clásal neamh-idirdhealaithe nua
Force majeure	Clásal chun cuideachtaí iarnróid a dhíolmhú ó chúiteamh a íoc ar mhoilleanna ar drochdhálaí aimsire nó tubaistí nádúrtha is cúis leo agus nach féidir iad a thuar ná a chosc

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tá drogall ar fhormhór na mBallstát agus na gcuideachtaí iarnróid deireadh a chur le díolúintí. Tá na saoránaigh i bhfabhar díolúintí a laghdú agus tacaíonn siad le bearta chun cearta paisinéirí a neartú. Tá formhór na bpáirtithe leasmhara i bhfabhar rialacha níos soiléire, mar shampla maidir le cúnamh, gearáin a láimhseáil agus forfheidhmiú. Tá formhór na gcuideachtaí iarnróid agus na mBallstát i bhfabhar clásal *force majeure*; tá na saoránaigh i gcoinne clásal *force majeure* a thabhairt isteach.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Leis an meascán de roghanna tosaíochta, cuirtear ar fáil cur chuige cothrom maidir le cuspóirí beartais a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar a chéile. Mar thoradh ar dhíolúintí a laghdú, cuirfear le cosaint paisinéirí agus le deimhneacht dhlíthiúil. A bhuí le feabhas a chur ar chúinsí daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, spreagfar iad chun taisteal d'iarnród agus cuirfear chun cinn a gcuimsiú sóisialta. Le rialacha soiléire maidir le tréthicéadú, feabhsófar cearta paisinéirí ar sheirbhísí naisc. Le clásal *force majeure*, áiritheofar an chothroime dhlíthiúil agus an chomhréireacht.
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?
Meastar go dtiocfaidh méadú 4.98 % ar chostais cuideachtaí iarnróid ón gcás bunlíne thar thréimhse 15 bliana.
Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?
Níltear ag súil ach le tionchar indíreach teoranta ar FBManna.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?
Meastar go mbeidh miontionchair ann de thoradh cumhachtaí breise a bheith ag comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe maidir le forfheidhmiú agus gearáin a láimhseáil.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Ní mheastar go mbeidh aon mhórthionchar eile i gceist.
Comhréireacht?
Leis an dóigh faoi láthair a gcuirtear na rialacha i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla, cuirtear bac ar an margadh aonair agus coisctear leibhéil chomhchuibhithe de chearta paisinéirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Ní leor go fóill iad na torthaí atá ar na treoirlínte.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin nua cúig bliana tar éis a theacht i bhfeidhm.